Scéim Mhaoinithe um Fhorbairt Téatair

Le haghaidh clár a thosófar in 2012

Treoirlínte

Spriocdháta 5.30 i.n., 17 Bealtaine 2012

Comhairle ghinearálta

- léigh Treoirlínte na Scéime **go cúramach** sula dtosaíonn tú ar iarratas a dhéanamh;
- tosaigh ar an iarratas a phleanáil tamall maith roimh ré agus fág do dhóthain ama le d'iarratas a chur isteach ar líne;
- cuimhnigh go mbeidh roinnt daoine páirteach i gcinneadh a dhéanamh faoi d'iarratas – mar sin bíodh d'iarratas soiléir, gonta, gan athbhrí;
- ná glac leis go bhfuil aithne ag na measúnóirí ortsa ná ar do shaothar. Líon isteach gach iarratas ar nós gurb é do chéad cheann é;
- bíodh tuiscint shoiléir réadúil agat ar a bhfuil uait agus ar chostas an togra, agus bíodh do bhuiséad chomh soiléir agus is féidir;
- déan deimhin de go gcuimsíonn tú ábhair tacaíochta atá **riachtanach** agus roghnaigh ábhar eile go cúramach;
- iarr ar dhuine eile súil a chaitheamh ar d'iarratas sula seolann tú isteach é.

Clár Ábhar

Cuid 1

Faisnéis faoin Scéim Leathanach 3
Sa chuid seo, tugtar breac-chuntas ar chuspóir agus ar thosaíochtaí na scéime, agus déantar cur síos orthu siúd atá i dteideal iarratas a dhéanamh, agus ar a bhfuil siad i dteideal iarratas a dhéanamh air

Cuid 2

Conas Iarratas a Dhéanamh Leathanach 6
Sa chuid seo, mínítear an próiseas a bhaineann le hiarratas a dhéanamh

Cuid 3

Measúnú agus Próiseáil Leathanach 10
Sa chuid seo, déantar cur síos ar an gcaoi a bpléfear le d'iarratas tar éis duit é a chur isteach

Cuid 4

Téarmaí agus Coinníollacha Leathanach 12
Sa chuid seo, déantar cur cíos ar na coinníollacha nach mór duit a chomhlíonadh le go mbeidh d'iarratas incháilithe, agus le maoiniú a tharraingt anuas má éiríonn le d'iarratas

Cuid 5

Cabhair maidir le d'Iarratas Leathanach 14
Sa chuid seo, soláthraítear cabhair chéim ar chéim agus faisnéis ghinearálta eile a bhaineann le hiarratas a dhéanamh --- lena n-áirítear botúin choitianta le seachaint

Cuid 1 - Maidir leis an scéim

Ainm na scéime Scéim Mhaoinithe um Fhorbairt Téatair

Spriocdháta

5.30 i.n. Déardaoin, 17 Bealtaine 2012.

TABHAIR FAOI DEARA: ní mór gach iarratas a sheoladh isteach ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne de chuid na Comhairle Ealaíon. Fág do dhóthain ama le cinntiú go gcloífidh tú leis an spriocdháta.
Ná fág d'iarratas go dtí an nóiméad deiridh, mar tá seans nach mbeidh tú in ann cloí leis an spriocdháta má bhíonn fadhbanna teicniúla agat. ***Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an spriocdháta i gcás ar bith.***

Maoiniú atá ar fáil

Is é **€30,000** an t-uasmhéid a dhámhfar ar gach iarratas rathúil.

Aidhmeanna agus tosaíochtaí na scéime

Is é cuspóir na scéime seo ná deis a chur ar fáil d'eagraíochtaí téatair agus d'eagraíochtaí ealaíon eile cláir oiliúna nó forbartha a thairiscint do ghrúpaí ealaíontóirí téatair aonair i dtimpeallacht faoi mheantóireacht, nó deiseanna a thairiscint do ghrúpaí ealaíontóirí téatair a smaointe forbartha féin a mholadh d'eagraíochtaí.

Fágfar dearadh agus ábhar gach cláir forbartha faoin eagraíocht atá i mbun an iarratais. Tá sé intuigthe go mbeidh an clár beartaithe comhaontaithe leis na comhpháirtithe ábhartha más ann dóibh, nó go mbeidh a indéantacht léirithe cheana féin trí bhíthin feidhmiú rathúil.

Baineann an scéim le cláir forbartha a bhfuil sé i gceist acu leas a dhéanamh d'ealaíontóirí téatair ag saothrú i ngach seánra téatair a bhfuil cuntas teiste léirithe acu sa chleachtas téatair gairmiúil agus atá tiomanta dó sin.[1].

Is iad seo a leanas aidhmeanna na scéime:

• deiseanna a chur ar fáil d'ealaíontóirí téatair[2] a gcleachtas a fhorbairt ar bhealach faoi thacaíocht;
• deiseanna a chur ar fáil d'eagraíochtaí a thugann faoi thionscnaimh forbartha agus/nó oiliúna chun na gníomhaíochtaí sin a mhaoiniú go díreach;
• forbairt pleanála fadtéarmaí agus inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí forbartha agus oiliúna a spreagadh sa téatar gairmiúil.

Tabharfar tús áite do thograí bunaithe ar na critéir seo a leanas:

• a ábhartha is atá cuntas teiste/taithí na heagraíochta i mbun an iarratais i gcomhthéacs an chláir forbartha bheartaithe;
• soiléire na ngníomhaíochtaí beartaithe mar chuid de chlár comhleanúnach forbartha;

[1]Is é an sainmhíniú atá ag an gComhairle Ealaíon ar ealaíontóir 'gairmiúil' ná duine a chuireann síos air/uirthi féin mar ealaíontóir gairmiúil cleachtach, agus atá aitheanta mar sin i measc a bpiaraí.
[2]Is é an sainmhíniú atá ar 'ealaíontóirí téatair' chun críche na scéime seo ná daoine aonair atá ag saothrú go príomha mar ealaíontóirí gairmiúla i gcáil chruthaitheach, bhainistíochta agus/nó choimeádaíochta i gcomhthéacs an téatair. D'fhéadfadh stiúrthóirí, cruthaitheoirí téatair, dearthóirí, aisteoirí, drámadóirí nó léiritheoirí a bheith i gceist anseo.

• méid agus cáilíocht na rannpháirtíochta le healaíontóirí téatair aonair;
• a oiriúnaí is atá na hacmhainní ealaíne agus riaracháin atá ar fáil don chlár forbartha beartaithe;
• leibhéal dearfach na rannpháirtíochta agus na tacaíochta cómhalartaí atá idir na páirtithe go léir a bhfuil baint acu leis an gclár forbartha beartaithe.

Tá tacaíocht thiomanta na heagraíochta/na n-eagraíochtaí atá i mbun an iarratais de dhíth faoin scéim.
Dá bhrí sin, tabharfar tús áite do na heagraíochtaí sin a bhfuil cuntas teiste acu maidir le hobair forbartha i gcomhar le réimse ealaíontóirí agus a bhfuil roinnt dá n-acmhainní féin (airgead tirim nó acmhainní comhchineáil) tiomanta acu dá dtogra.

Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Cuirtear fáilte roimh iarratais ó eagraíochtaí ealaíon a bhfuil cuntas teiste acu maidir le tionscnaimh forbartha agus oiliúna a dhéanann leas d'ealaíontóirí téatair gairmiúla.

Tabharfar tús áite do na hiarratais sin ar féidir leo tairbhí féideartha a dtogra d'earnáil an téatair i bPoblacht na hÉireann a léiriú.

Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

Níl na daoine seo a leanas i dteideal iarratas a dhéanamh:
• eagraíochtaí nach bhfuil cuntas teiste acu maidir le cláir forbartha sa téatar a chur ar fáil;
• ealaíontóirí aonair nó grúpaí ealaíontóirí nach bhfuil comhdhéanta mar eagraíocht;
• eagraíochtaí atá bunaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann[3];
• eagraíochtaí agus daoine aonair atá ag lorg maoinithe chun tacú le gairmoiliúint agus/nó le hoiliúint fochéime nó le teagasc i gcomhthéacs acadúil.

Iarratais iolracha

Tabhair faoi deara: ní féidir cur isteach ach ar scéim amháin i ngach aon bhabhta (mar shampla, ní féidir le hiarratasóir cur isteach ar an Scéim Mhaoinithe um Fhorbairt Téatair agus ar an Scéim um Chomhroinnt Acmhainní Téatair laistigh den bhabhta céanna).

Céard ar féidir leat cur isteach air

Costas díreach an chláir forbartha nó oiliúna bheartaithe, le haghaidh tréimhse ghearr leanúnach ama, nó roinnte i bhfoirm mhodúlach thar thréimhse shínte ama suas le bliain amháin ar fhad.
Is é an eagraíocht atá i mbun an iarratais a dhéanfaidh dearadh agus ábhar gach cláir a shainiú, agus comhaontófar iad leis na comhpháirtithe roimh ré.
Glacfaidh an eagraíocht atá i mbun an iarratais freagracht fhoriomlán as bainistiú na gcistí don chlár.

Breathnóidh an Chomhairle Ealaíon ar chostais bhreise má bhaineann siad go sainiúil le saothar ealaíne le healaíontóirí faoi mhíchumas. Más mian leat cur isteach ar mhaoiniú breise ar an mbonn seo, ba cheart duit faisnéis a chur ar fáil le d'iarratas ag sonrú na gcostas breise seo.

[3] Ní chuireann seo bac ar thacaíocht trí chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a fhad is atá an príomhiarratasóir bunaithe in Éirinn.

Céard nach féidir leat cur isteach air

San áireamh leis na gníomhaíochtaí agus costais nach féidir leat cur isteach orthu, tá:
• mórcheannacháin chaipitiúla;
• príomhchostais leanúnacha;
• gníomhaíochtaí nó costais nach n-oireann do chuspóir na scéime;
• gníomhaíochtaí a d'oirfeadh níos fearr do dhámhachtain nó do scéim eile arna maoiniú ag an gComhairle Ealaíon, nó arna feidhmiú ag gníomhaireachtaí stáit eile lena n-áirítear Cultúr Éireann;
• gníomhaíochtaí a bhí ar siúl cheana féin nó a gcuirfear tús leo sula ndéanfar cinneadh faoi d'iarratas;
• gníomhaíochtaí chun airgead a thiomsú le haghaidh carthanais, chun páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó le cuspóirí brabúsmhara go príomha;
• gníomhaíochtaí a ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu cheana féin.
Déanfar eisceacht má mhol an Chomhairle duit go sainiúil d'iarratas a atreorú chuig an scéim seo. Cuimhnigh, áfach, nach ionann a leithéid de chomhairle agus léiriú go n-éireoidh leis an iarratas.

Ábhar tacaíochta riachtanach

Ní mór an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a sholáthar *i dteannta* na foirme iarratais comhlánaithe chun go ndéanfaí measúnú ceart ar d'iarratas:
1. cur síos ar an gclár forbartha agus a thairbhithe beartaithe, mar aon leis an bpróiseas trína roghnaíodh/roghnófar iad;
2. cur síos ar na cineálacha gníomhaíochtaí oiliúna/forbartha a dhéanfaidh na rannpháirtithe le linn an chláir bheartaithe;
3. liosta na mbonneagar agus na n-acmhainní a chuirfear ar fáil don chlár forbartha;
4. CV na ndaoine a bheidh ag gníomhú mar mheantóirí le haghaidh an chláir bheartaithe;
5. miondealú mionsonraithe ar an mbuiséad.

Critéir chun iarratais a mheasúnú

Déantar measúnú ar gach iarratas incháilithe de réir na 3 chritéar seo a leanas:
• Fiúntas ealaíne
• **Cuspóirí agus Tosaíochtaí** na scéime a chomhlíonadh (mar a thugtar breac-chuntas orthu thuas)
• Indéantacht
Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ar na critéir seo go léir i **gCuid 3 – Measúnú agus Próiseáil.**

Cuid 2 – Ag déanamh iarratais ar líne

Suíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne

Ní mór gach iarratas a sheoladh isteach ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne de chuid na Comhairle Ealaíon ar https://onlineservices.artscouncil.ie

Ní mór foirmeacha iarratais a sheoladh isteach ar líne trí shuíomh Gréasáin seirbhísí ar líne na Comhairle Ealaíon. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais a chuirtear isteach trí ríomhphost/an bpost/facs.
Ní mór ábhar tacaíochta a chur isteach ar líne cés moite d'eisceachtaí sonracha a bheidh liostaithe in áit éigin eile sna treoirlínte seo.
Tabhair faoi deara:

- Ba cheart duit cur amach a bheith agat ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne tamall maith roimh an spriocdháta agus roimh duit iarratas a ullmhú. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh an tráthnóna deireanach ar an spriocdháta. Ba cheart duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

- Bíonn an t-am uaslódála i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapann tú d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

- Is iondúil go bhfaigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór fiosruithe agus glaonna teileafóin ar an spriocdháta le haghaidh maoinithe agus mar sin d'fhéadfadh sé a bheith deacair teagmháil a dhéanamh linn má bhíonn aon cheist agat ag an nóiméad deireanach.

Féadfaidh tú dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cabhair a fháil uair ar bith a bhíonn deacrachtaí teicniúla agat agus iarratas ar líne á dhéanamh agat. Ní gá duit ach ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie.

Léigh na Treoirlínte Dámhachtana

Sula ndéanann tú iarratas ní mór duit na Treoirlínte Dámhachtana a léamh ina n-iomláine.

Socraigh cé hé/hí an t-iarratasóir

Sula ndéanfaidh tú iarratas ní mór duit a chinneadh cé hé/hí an t-iarratasóir. Is é an t-iarratasóir an duine nó an eagraíocht a gheobhaidh aon dámhachtain a thairgfear agus a bheidh freagrach as téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana sin. Tabhair faoi deara le do thoil, nach n-íocfar aon dámhachtain a thairgfear ach isteach i gcuntas bainc atá á shealbhú in ainm an iarratasóra.

Ag clárú i gcomhair cuntais seirbhísí ar líne

Caithfidh tú cuntas seirbhísí ar líne a bheith agat chun iarratas a dhéanamh ar líne.

Má rinne tú iarratas ar mhaoiniú ó Aibreán 2010 agus go bhfuil tú ag déanamh iarratais san ainm céanna, beidh cuntas seirbhísí ar líne agat, agus gheobhaidh tú rochtain air le do ARN agus le do phasfhocal. Má tá dearmad déanta agat ar do phasfhocal, féadfaidh tú é a athshocrú tríd an nasc ar leathanach baile na seirbhísí ar líne agus ní bheidh ort a dhéanamh ach do ARN a chur isteach agus an seoladh ríomhphoist a bhaineann leis an gcuntas.

Mura ndearna tú iarratas ar líne le 2 bhliain anuas NÓ má tá tú ag déanamh iarratais thar ceann grúpa/eagraíochta nach ndearna iarratas ar líne roimhe seo, caithfidh tú **clárú** chun cuntas seirbhísí ar líne a fháil.

D'fhéadfadh sé suas le 5 lá oibre a thógáil sula ndéanfar do chlárúchán a

dhearbhú, mar sin tá sé an-tábhachtach go gclárófá chomh luath agus is féidir.

Má tharlaíonn sé ar chúiseanna eisceachtúla nach féidir leat an tIdirlíon ná suíomh Gréasáin seirbhísí ar líne na Comhairle Ealaíon a úsáid nó má tá riachtanais speisialta rochtana agat, breathnóidh an Chomhairle Ealaíon ar chead a thabhairt duit d'iarratas a sheoladh isteach i gcruachóip. I gcás dá leithéid ní mór duit teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle Ealaíon **ar a laghad 2 sheachtain roimh an spriocdháta.**

Riachtanais maidir leis na seirbhísí ar líne a úsáid	Caithfidh do ríomhaire agus an brabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na seirbhísí ar líne duit: **PC:** Windows XP nó níos déanaí le Internet Explorer 7.0 nó níos déanaí NÓ Firefox 2.0 nó níos déanaí **Mac:** Mac - Mac OS X v10.5 Leopard nó níos déanaí le Safari 3.1 nó níos déanaí NÓ Firefox 2.0 nó níos déanaí NB: Caithfidh tú freisin Microsoft Word nó OpenOffice a bheith agat ar do ríomhaire chun an fhoirm iarratais féin a chomhlánú. Is bogearra saor in aisce é OpenOffice agus is féidir é a íoslódáil anseo: http://www.openoffice.org. Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó nach dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.
Iarratas a dhéanamh ar líne	Seo a leanas an próiseas chun iarratas a dhéanamh ar líne: 1. Mura bhfuil sé déanta agat cheana féin; cláraigh ar líne ag https://onlineservices.artscouncil.ie agus déan nóta de d'uimhir ARN (uimhir thagartha ealaíne) agus de do phasfhocal. 2. Roghnaigh an cineál cuí maoinithe. 3. Lean na leideanna agus líon isteach na réimsí riachtanacha. 4. Íoslódáil an fhoirm iarratais agus sábháil í ar do ríomhaire. 5. Comhlánaigh an fhoirm iarratais agus sábháil í. 6. Fill ar an suíomh ar líne, logáil isteach agus téigh go dtí do leathanach baile. 7. Brabhsáil chuig d'fhoirm iarratais agus uaslódáil í. 8. Brabhsáil chuig d'ábhar tacaíochta agus uaslódáil é. 9. Breathnaigh siar ar d'iarratas agus ar an liosta d'ábhar tacaíochta uaslódáilte - ní bheidh tú in ann aon rud a chur leis an iarratas ná é a leasú nuair a bheidh sé curtha isteach agat. 10. Brúigh an cnaipe 'cuir isteach' (ní bhfaighimid d'iarratas go dtí go ndéanfaidh tú cliceáil ar 'cuir isteach').
An fhoirm iarratais a úsáid	Is doiciméad Word í an fhoirm iarratais a íoslódálann tú ó shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne, líonann tú isteach í ar do ríomhaire féin agus ansin uaslódálann tú í arís sula gcuirfidh tú isteach d'iarratas. Tá formáidiú speisialta san fhoirm a ligeann don chóras ar líne an fhoirm a bhailíochtú nuair a uaslódáiltear í agus cinntíonn sé nach gcuireann tú isteach foirm nach bhfuil comhlánaithe agat. Le linn duit a bheith ag obair leis an bhformáidiú seo **caithfidh** tú Microsoft Word nó OpenOffice a úsáid agus an treoir ag tús/deireadh na foirme a

leanúint.

Tá treoir céim ar chéim againn maidir leis an bhfoirm a úsáid le OpenOffice agus is féidir í a íoslódáil anseo: http://www.artscouncil.ie/ga/FAQ/online-services.aspx

Cuirtear srian ar líon na gcarachtar (litreacha) is féidir a úsáid chun gach ceist a fhreagairt san fhoirm iarratais. Tá an teorainn carachtar luaite ar an bhfoirm iarratais in aice le gach ceist. Tabhair ar aird le do thoil go bhfuil an teorainn socraithe i gcarachtair agus ní i bhfocail (cé go dtugtar teorainn garbh focal ar mhaithe le treoir a thabhairt) agus go n-áirítear spásanna sa teorainn carachtar.

Féach **Cuid 5** de na Treoirlínte Dámhachtana chun cúnamh a fháil ábhar d'fhoirme iarratais a ullmhú.

Ábhar tacaíochta a ullmhú agus a chur isteach

Caithfear ábhar tacaíochta a uaslódáil agus a chur isteach go leictreonach ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne de chuid na Comhairle Ealaíon (cés moite d'aon eisceachtaí atá liostaithe in áit éigin eile sna treoirlínte seo). Is féidir leat raon leathan ábhar a uaslódáil lena n-áirítear íomhánna, físeáin agus comhaid fuaime.

NB Tógann sé i bhfad níos faide ábhar a uaslódáil ná a íoslódáil. Má bhíonn tú ag uaslódáil comhaid mhór díreach chuig seirbhísí ar líne nó chuig URL eile (féach 'Naisc Ghréasáin'), uaslódáil d'ábhar tamall maith roimh an spriocdháta lena chinntiú gur féidir leat d'ábhar a chur isteach in am.

Is 20MB an teorainn iomlán maidir le gach ábhar a uaslódáiltear chuig an suíomh seirbhísí ar líne.

Glacfar leis na formáidí comhaid seo a leanas:

- comhaid íomhá - .jpg/.gif/.tiff/.png
- comhaid fuaime - .wav/.mp3/.m4a
- comhaid físe - Quicktime/.avi/.mov/.mp4
- téacschomhaid - .rtf/.doc/.docx/.txt
- Comhaid Adobe Reader - .pdf
- scarbhileoga .xls/.xlsx

Ní mór na comhaid ar fad a uaslódáiltear mar ábhar tacaíochta a ainmniú de réir mar is cuí. Ba cheart go gcuirfí in iúl le hainm an chomhaid cad atá sa chomhad nó cad a léiríonn sé. Mar shampla ba chóir go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa doiciméad.

Nuair atá ábhar tacaíochta á chur isteach:

- Uaslódáil gach píosa den ábhar tacaíochta as féin, ag roghnú an chineál doiciméid iomchuí;
- Cuir isteach teideal an tsaothair in ainm an chomhaid má tá tú ag cur doiciméadúcháin maidir leis an saothar isteach;
- Cloígh le gach gnás ainmnithe comhaid atá leagtha amach i gCuid 1

Naisc Ghréasáin
Féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar arna óstáil ag suíomhanna Gréasáin faoi leith seachas an t-ábhar a uaslódáil díreach chuig na seirbhísí ar líne. Ní dhéanfar measúnú ach ar ábhar arna óstáil ag **http://www.youtube.com** nó **http://www.4shared.com** agus ansin **amháin.** Ní fhéachfar ar ábhar arna óstáil ag suíomhanna Gréasáin eile. Chun do nasc (naisc) g(h)réasáin a chur isteach, cóipeáil an (nasc) URL don phíosa ábhair faoi leith m.sh. físeán, rian ceoil is mian leat a fheiceáil i ndoiciméad Word nó a chomhionann agus uaslódáil mar dhoiciméad tacaíochta 'naisc Ghréasáin'

Mura mian leat ábhar a uaslódálann tú chuig YouTube ar mhaithe le d'iarratas a bheith le feiceáil go poiblí, féadfaidh tú bratach a chur ar d'fhíseán mar cheann 'neamhliostaithe' sna socruithe. Chun tuilleadh eolais a fháil féach http://www.artscouncil.ie/ga/FAQ/online-services.aspx.

Féach **Cuid 1** de na Treoirlínte Dámhachtana seo le haghaidh an liosta den ábhar tacaíochta nach mór duit a uaslódáil le d'iarratas. Féach **Cuid 5** chun cúnamh a fháil ábhar na n-ábhar tacaíochta a ullmhú.

Cur isteach in am

Dúnfaidh an córas seirbhísí ar líne d'iarratais ar an spriocdháta. Ní bheidh tú in ann ábhar a uaslódáil ná d'iarratas a chur isteach nuair a bheidh an spriocdháta/dáta caite. Ní dhéanfaidh an Chomhairle Ealaíon aon eisceachtaí maidir leis an riail sin.

An féidir liom cabhair a fháil le m'iarratas?

Má tá ceist theicniúil agat faoi shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne a úsáid is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie.

Tá freagraí ar cheisteanna coitianta maidir leis na seirbhísí ar líne a úsáid ar fáil sa rannóg Ceisteanna Coitianta ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Ealaíon http://www.artscouncil.ie/ga/fundInfo/funding_faqs.aspx

Téigh chuig an nasc seo a leanas chun féachaint ar ár dtreoir ar YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh: http://www.youtube.com/artscouncildemos

Is féidir leat sruth tacaíochta Twitter na Comhairle Ealaíon maidir le seirbhísí ar líne a leanúint. Faigheann síntiúsóirí faisnéis maidir le spriocdhátaí maoinithe, cinntí agus cabhair le seirbhísí ar líne. Is minic a dhéanann úsáideoirí eile Twitter ár dteachtaireachtaí a chur le Twitter arís. Féach: http://twitter.com/artscouncilhelp

Má theastaíonn cúnamh uait le hábhar d'iarratais féach le do thoil ar **Cuid 5 - Cabhair maidir le d'Iarratas.**

Má tá tuilleadh cabhrach **ginearálta** fós uait, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ag 01 6180200 nó trí ríomhphost ag awards@artscouncil.ie.
Má tá riachtanais speisialta rochtana agat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Rochtana ag 01 6180219.

Cuid 3 - Measúnú agus Próiseáil

Forbhreathnú

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, déanann sí cinneadh fúthu agus cuireann sí é seo in iúl do na hiarratasóirí de réir na ngnáthamh atá leagtha síos. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann le haghaidh scéimeanna.

An próiseas

Déantar gach iarratas a fhaightear a phróiseáil mar seo a leanas:
• Déantar an t-iarratas a admháil
• Déantar an t-iarratas a shannadh ar an bhfoireann foirm ealaíne lena phróiseáil
• Déanann comhairleoir(í) agus/nó an fhoireann measúnú ar an iarratas de réir na gcritéar foilsithe
• Molann an fhoireann don Chomhairle gur chóir an t-iarratas a mhaoiniú / gan é a mhaoiniú
• Déanann Coiste Deontais na Comhairle athbhreithniú ar mholadh na foirne agus tugann sé moladh don Chomhairle maidir le maoiniú a thabhairt/gan a thabhairt
• Déanann coiste iomlánach na Comhairle an cinneadh deiridh
• Seoltar na cinntí i bhfoirm scríofa

Critéir chun iarratais a mheasúnú

Déanfar iarratais a mheasúnú i gcomhthéacs iomaíoch agus tugtar na hacmhainní atá ar fáil san áireamh. Chomh maith leis na critéir a bhaineann go sonrach leis an scéim dá bhfuil tú ag déanamh iarratais, déantar gach iarratas a mheasúnú i gcoinne na gcritéar seo a leanas:
1. Fiúntas ealaíne
2. Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh, mar atá i gCuid
3. Indéantacht
1. Fiúntas ealaíne
Dhíreodh measúnú ar an bhfiúntas ealaíne ar an iarratasóir agus orthu siúd a bhfuil baint acu leis an tionscadal agus ar nádúr na gníomhaíochta ealaíon molta. Ar na rudaí a d'fhéadfaí a mheas chun é sin a dhéanamh, tá:
• caighdeán ealaíne an chláir forbartha bheartaithe;
• cuntas teiste na heagraíochta i mbun an iarratais atá páirteach sa tionscadal;
• cuntas teiste aon duine atá aitheanta mar na príomh-mheantóirí / na príomh-mhúinteoirí laistigh den togra,
agus é seo a léiriú trí bhíthin na n-ábhar tacaíochta a chuirtear isteach;
• tairbhí ionchasacha le haghaidh na n-ealaíontóirí ar leith atá páirteach;
• comhthéacs na foirme ealaíne/an chleachtais ealaíon ina bhfuil an ghníomhaíocht molta;
• an uaillmhian, an úrnuacht agus an inniúlacht atá léirithe sa togra.

2. Aidhmeanna agus tosaíochtaí na scéime a chomhlíonadh
Dhíreodh measúnú faoin gcritéar seo ar thairbhe agus ar shuntasacht straitéiseach na gníomhaíochta beartaithe i leith chuspóirí agus thosaíochtaí sonraithe na scéime mar atá i g**Cuid 1** thuas.

3. Indéantacht
Bhreithneodh measúnú indéantachta an cumas a léiríonn an t-iarratasóir chun an ghníomhaíocht mholta a chomhlíonadh. Chun é seo a dhéanamh d'fhéadfaí breathnú ar na nithe seo a leanas, ach ní orthu sin amháin:

• an fhoireann a bhfuil baint acu leis an togra a sholáthar, a bhainistiú agus a riar;
• a mhéid a léiríonn an t-iarratasóir go bhfuil coinníollacha agus luach saothair cothrom á sholáthar d'ealaíontóirí atá páirteach;
• cineál na rannpháirtíochta i gcás aon chomhpháirtithe tionscadail;
• an buiséad molta;
• foinsí eile ioncaim;
• tráthchlár, sceideal agus torthaí molta an togra;
• an méid agus an caighdeán féinmheasúnaithe atá beartaithe.

An Coiste Deontais

Chomh luath is a bhíonn measúnú déanta ag an bhfoireann agus ag comhairleoirí na Comhairle Ealaíon ar iarratais de réir na gcritéar a bhfuil cuntas orthu thuas, seoltar a gcuid moltaí chuig an gCoiste Deontais lena mbreithniú. Is fochoiste den Chomhairle Ealaíon é an Coiste Deontais, agus suíonn sé go rialta chun moltaí maidir le maoiniú a thabhairt don Chomhairle féin. Nuair a bheidh moltaí na foirne breithnithe agus pléite ag an gCoiste Deontais, cuirfidh sé na moltaí deiridh faoi bhráid na Comhairle le cinneadh a dhéanamh.

Fráma ama

Tá sé i gceist cinntí a chur in iúl le linn mhí **Iúil 2012**.

Cad a tharlóidh má bhronntar dámhachtain ort?

Cuirfear litir thairisceana chugat a shonróidh méid an mhaoinithe agus téarmaí agus coinníollacha na scéime. Cuirfear ar an eolas tú freisin faoin bpróiseas trínar chóir duit do mhaoiniú a tharraingt anuas.

Cad a tharlóidh mura mbronntar dámhachtain ort?

Cuirfear in iúl duit i scríbhinn mura n-éiríonn le d'iarratas.

Ar an drochuair, níl aon ghealltanas ann go mbronnfar scéim mar gheall ar incháilitheacht agus ar chomhlíonadh nósanna imeachta iarratais. Mar gheall ar mhéid mór na n-iarratas, bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní a bhíonn ar fáil.

Mura n-éiríonn le d'iarratas, is féidir leat aiseolas a iarraidh ar fhoireann na Comhairle Ealaíon.

Achomhairc agus gearáin

Má mheasann tú nár cloíodh le gnáthaimh na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an nGnáthamh Achomharc agus Gearán, nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon le haghaidh cóip den bhileog faisnéise faoi Achomhairc agus Ghearáin.

An féidir liom iarratas a dhéanamh arís?

Má tá measúnú déanta ar d'iarratas agus murar éirigh leat dámhachtain a fháil, níl tú i dteideal iarratas a dhéanamh arís don ghníomhaíocht chéanna chuig aon dámhachtain nó scéim eile de chuid na Comhairle Ealaíon. Más dóigh leis an gComhairle Ealaíon go mbeadh an ghníomhaíocht atá beartaithe níos feiliúnaí do chlár scéime eile, is féidir eisceacht a dhéanamh. I gcás den sórt sin caithfidh tú soiléiriú a lorg sula ndéanfaidh tú iarratas eile.

Cuid 4 – Téarmaí agus Coinníollacha

• Trí iarratas a chur isteach tá iarratasóirí ag deimhniú gur léigh siad agus gur thuig siad an fhaisnéis atá leagtha amach i dTreoirlínte na Scéime maidir leis an scéim seo.
• Ní mór gur rugadh iarratasóirí aonair, nó go bhfuil siad ina gcónaí, i bPoblacht na hÉireann. Tá 'cónaitheacht' bunaithe ar léirmhíniú seo na gCoimisinéirí Ioncaim (ina gciallaíonn Éire Poblacht na hÉireann):
Measfar tú a bheith i do chónaí in Éirinn, in aon bhliain ar leith, i gceachtar den dá chás seo a leanas:

- Má chaitheann tú 183 lá nó níos mó in Éirinn i mbliain féilire amháin (1 Eanáir – 31 Nollaig)

NÓ

- Má chaitheann tú 280 lá nó níos mó in Éirinn thar dhá bhliain i ndiaidh a chéile. Sa chás seo measfar tú a bheith i do chónaí ann sa dara bliain díobh. Mar sin féin, le go mbeadh an coinníoll seo infheidhmithe caithfidh tú íoslíon de 30 lá a chaitheamh in Éirinn i ngach ceann den dá bhliain chánach.

Samplaí:

1. Má chaitheann tú 140 lá i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann sa chéad bhliain agus 150 lá sa dara bliain, meastar go bhfuil tú i do chónaí anseo don dara bliain.
2. Má chaitheann tú 365 lá i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann sa chéad bhliain agus 10 lá sa dara bliain, meastar nach bhfuil tú i do chónaí anseo sa dara bliain.

Tá daoine a chónaíonn i dTuaisceart Éireann i dteideal iarratas a dhéanamh ar an gcoinníoll go mbeidh an ghníomhaíocht ar siúl i bPoblacht na hÉireann.

• Measfar d'iarratas a bheith **neamhbhailí** agus seolfar ar ais chugat é sna cásanna seo a leanas:

- Chuir tú d'fhoirm iarratais chugainn trí ríomhphost nó i bhfacs;
- Níor chomhlánaigh tú an fhoirm iarratais ina hiomláine;
- Níor chuir tú an t-ábhar tacaíochta ar fad a bhí riachtanach isteach le d'iarratas;
- Chuir tú d'ábhar tacaíochta trí ríomhphost nó i bhfacs;
- Níl an ghníomhaíocht nó na costais mholta ar a bhfuil iarratas á chur isteach agat oiriúnach do chuspóir nó d'fheidhm na scéime.

• Bronntar an scéim seo de réir na gcistí atá le fáil. Is féidir go gcoimeádfar scéimeanna siar nó go roinnfear idir iarratasóirí iad de réir mar a thograíonn an Chomhairle Ealaíon.
• Is idir an Chomhairle Ealaíon agus an t-iarratasóir féin a bheidh gach comhfhreagras, mura socraítear a mhalairt.
• Déantar aon chúnamh airgeadais a thairiscint ar bhonn na bpleananna arna léiriú san iarratas, agus caithfear aon athruithe ar na pleananna nó ar an mbuiséad a théann i bhfeidhm go hábhartha ar an mbonn sin nó nach gcloíonn le téarmaí na tairisceana a chur in iúl láithreach. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart a tairiscint a athbhreithniú i gcás dá leithéid.
• Cuirfear coinníollacha na tairisceana agus na céimeanna a chaithfear a thógáil d'fhonn maoiniú a tharraingt anuas in iúl d'iarratasóirí rathúla.
• Beidh ar iarratasóirí a gcuid íocaíochtaí agus seoladh isteach an ábhair chuí ar shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne de chuid na Comhairle Ealaíon a bhainistiú.
• Beidh ar an iarratasóir rathúil cruthúnas ar a chuntas bainc a sholáthar.
• Ní mór d'iarratasóirí a fhaigheann os cionn €10,000 a bheith in ann a léiriú go bhfuil deimhniú imréiteach cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim acu in ainm an ealaíontóra ar ar bronnadh an dámhachtain. Is féidir deimhnithe imréiteach cánach a iarraidh ar líne ag www.revenue.ie. Ní gá deimhniú imréiteach cánach a chur isteach le d'iarratas. Má éiríonn le d'iarratas, áfach, beidh sé riachtanach na sonraí ábhartha a sholáthar chun íocaíocht a fháil.
• Íocfar iarratasóirí rathúla trí aistriú bainc amháin. Ní eisíonn an Chomhairle Ealaíon seiceanna.
Ní íocfar cistí ach isteach i gcuntas bainc in ainm an ealaíontóra ar bronnadh an dámhachtain air/uirthi.

• Ní mór d'iarratasóirí rathúla tuairisc a chur le chéile ar chríochnú an togra, ar dámhadh an maoiniú ina thaobh, ina dtaispeántar conas a úsáideadh an maoiniú. Cuirfear teimpléad den tuairisc ar fáil sa chás go dtairgfear maoiniú.
• Beidh ar iarratasóirí rathúla cuntas ioncaim agus caiteachais iomlán a sheoladh isteach don tionscadal chun an tráthchuid dheireanach a tharraingt anuas.
• Ní mór d'iarratasóirí rathúla aon mhaoiniú a fuarthas a tharraingt anuas agus a chaitheamh laistigh de bhliain amháin ó fhógra na scéime.
• Ní mór d'iarratasóirí rathúla tacaíocht na Comhairle Ealaíon a admháil i ngach ábhar poiblíochta a bhaineann lena saothar. Tá na sonraí leagtha amach in *Riachtanais chun cistiú ón gComhairle Ealaíon a admháil* atá ar fáil ar rannóg na bhfoilseachán de shuíomh Gréasáin na Comhairle Ealaíon.
• Ní mór d'iarratasóirí a sholáthraíonn cláir do leanaí agus do dhaoine óga a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta maidir le cosaint agus leas leanaí imleora i bhfeidhm acu. Má bhaineann d'iarratas ar mhaoiniú le hobair le leanaí agus le daoine óga ní mór duit cóip de do bheartas agus nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí a sholáthar le do dhoiciméadúchán tacaíochta. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach na Treoirlínte um Chosaint agus Leas Leanaí agus Daoine Óga in Earnáil na nEalaíon, atá ar fáil ar iarratas ón gComhairle Ealaíon nó ar **www.artscouncil.ie.**
Ní mór d'iarratasóirí a bhfuil ainmhithe á n-úsáid ina gcuid gníomhaíochtaí fianaise a chur isteach go bhfuiltear ag cloí le Creatlach um Leas Ainmnithe na Comhairle Ealaíon atá ar fáil ar rannóg na bhfoilseachán de shuíomh Gréasáin na Comhairle Ealaíon.
• Féadfar go ndéanfar scéimeanna a thairiscint le sainchoinníollacha breise ceangailte leo.
• Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an fhaisnéis a thugtar don Chomhairle Ealaíon a nochtadh de thoradh ar iarratas a dhéanfar faoi bhun na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003. Coinnítear an fhaisnéis a thugtar ar Chóras Bainistíochta Caidreamh Chustaiméirí na Comhairle. Déanfar gach iarracht rúndacht cliaint a chosaint.

Cuid 5 - Cabhair maidir le d'Iarratas

Ainm na scéime Scéim Mhaoinithe um Fhorbairt Téatair

Forbhreathnú Sa chuid seo de na Treoirlínte Scéime tá faisnéis agus comhairle chun cabhrú leat leis an bpróiseas a bhaineann le d'fhoirm iarratas agus an t-ábhar tacaíochta a ullmhú agus a chur isteach.

Cabhair maidir le suíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne a úsáid

Tabharfaidh an Chomhairle Ealaíon tacaíocht theicniúil d'iarratasóirí atá ag úsáid suíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne. Má bhíonn aon deacrachtaí agat am ar bith agus iarratas ar líne á dhéanamh agat is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon chun cabhair a fháil.
Moltar go mbeadh cur amach ag iarratasóirí ar rannóg iarratais shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne tamall maith roimh an spriocdháta agus roimh dóibh iarratas a ullmhú.
Moltar freisin d'iarratasóirí a gcuid iarratais a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.
Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh an tráthnóna deireanach ar an spriocdháta. Is iondúil go bhfaigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór fiosruithe agus glaonna teileafóin ar aon spriocdhátaí maoinithe agus mar sin d'fhéadfadh sé a bheith deacair teagmháil a dhéanamh linn má bhíonn aon cheist agat ag an nóiméad deireanach.

Cabhair maidir leis an bhfoirm iarratais

Cuid 1 – An Scéim
1.1 I gcuid 1.1 den fhoirm iarratais iarrtar ort tic a chur i mbosca le dearbhú gur léigh tú na Treoirlínte Scéime maidir leis an scéim ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat.

Cuid 2 – An Togra
2.1 I gcuid 2.1 den fhoirm iarratais iarrtar ort an bhfuil teideal agat ar do thogra. D'fhéadfadh teideal an togra forbartha nó oiliúna a bhfuil iarratas á dhéanamh ina leith a bheith i gceist anseo. Mura bhfuil teideal agat, is féidir an chuid sin a fhágáil bán.
2.2 I gcuid 2.2 den fhoirm iarratais iarrtar ort 3 phointe ghearra a thabhairt ag léiriú do thogra.
2.3 I gcuid 2.3 den fhoirm iarratais iarrtar ort cur síos iomlán a dhéanamh ar do thogra. Cabhróidh sé seo leis na daoine a bheidh páirteach i measúnú a dhéanamh ar d'iarratas tuiscint a fháil ar scóip iomlán do thogra. Braithfidh an méid a chuireann tú san áireamh i do chur síos ar nádúr na ngníomhaíochtaí molta. Tharlódh go gcuimseodh sé na nithe seo a leanas, ach níl sé teoranta dóibh seo amháin:
• míniú praiticiúil ar an togra .i. céard a tharlóidh, cén uair a tharlóidh sé, conas a tharlóidh sé, cé a bheidh bainteach leis;
• na spriocanna agus uaillmhianta ealaíne;
• na tairbhithe a bhfuiltear ag súil leo, .i. cé a bhainfidh tairbhe as agus conas;
• an comhthéacs ina bhfuil an togra á mholadh;
• sceideal de phríomhchéimeanna an togra;
• faisnéis maidir le príomhpháirtithe/comhoibrithe agus a gcuid ról;

• aon sonraí riaracháin ábhartha breise;
• aon sonraí teicniúla ábhartha breise;
• aon sonraí airgeadais ábhartha breise.

2.4 I gcuid 2.4 den fhoirm iarratais iarrtar ort a mhíniú cén chaoi a síleann tú go gcomhlíonann do thogra na critéir mheasúnaithe don scéim ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat. Chun na critéir mheasúnaithe don scéim a thuiscint ba chóir duit na Treoirlínte Scéime a léamh go cúramach, go háirithe **Cuid 1**: **Faisnéis faoin Scéim** agus **Cuid 3: Measúnú agus Próiseáil**

2.5 I gcuid 2.5 den fhoirm iarratais iarrtar ort aon ealaíontóirí eile, daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí a aithint a bhfuil baint acu le do thogra. Níor chóir duit ach na daoine sin a bhfuil páirt shuntasach acu i do thogra a aithint. D'fhéadfaí go gcuimseoidís seo an t-ionad ina mbeidh an ghníomhaíocht mholta ar siúl, na príomhealaíontóirí lena mbaineann, príomhpháirtithe, pearsanra lárnach riaracháin srl. Is féidir leat, ar an bhfoirm seo, cur síos gearr a dhéanamh ar an gcaoi ina mbeidh baint ag na páirtithe seo ar fad leis an tionscadal atá molta.

Cuid 3 – Buiséad

3.1 I gCuid 3.1 den fhoirm iarratais iarrtar ort cuntas leathan a thabhairt den chaiteachas a bhaineann le do thogra. Ba chóir duit na Treoirlínte Scéime a léamh go háirithe Cuid 1. Faisnéis faoin Scéim le feiceáil cén caiteachas atá incháilithe laistigh den scéim. Ní mór buiséad níos mionsonraithe a chur isteach chun tacú le d'iarratas ach mar sin féin ní mór duit an chuid seo den fhoirm a chomhlánú.

3.2 I gcuid 3.2 den fhoirm iarratais iarrtar ort aon ioncam a bhaineann le do thogra a aithint. Má tá ioncam agat ó fhoinsí eile atá á chur go sainiúil i dtreo chostas na ngníomhaíochtaí atá sonraithe i dtogra do thionscadail, ba chóir duit an t-ioncam sin a lua anseo. Ní gá duit ioncam eile a chuimsiú ach amháin má bhaineann sé le do thogra agus go n-oireann sé dó. D'fhéadfadh sé sin meastacháin ar dhíolacháin ticéad, maoinitheoirí eile, urraíocht srl a áireamh. Is féidir leat tacaíocht comhchineáil a lua anseo; ach ní mór duit a chinntiú go léiríonn tú luach na tacaíochta comhchineáil sin i gcuid an chaiteachais freisin ionas go mbeidh do bhuiséad ar comhardú.

3.3 Iarrtar ort i gcuid 3.3 den fhoirm iarratais an tsuim atá á iarraidh agat ón gComhairle Ealaíon a lua. Ba chóir don mhéid atá á iarraidh agat a bheith cothrom leis an gcaiteachas iomlán lúide ioncam ar bith a luaigh tú a rachaidh i dtreo chostas an togra. Tá sé fíorthábhachtach gurb ionann na figiúirí seo. Má tá neamhréiteach sna figiúirí ní bheidh an Chomhairle Ealaíon in ann d'iarratas a mheasúnú i gceart. Tá sé ríthábhachtach go luann tú go soiléir an méid atá á iarraidh agat ón gComhairle Ealaíon. Ní féidir leis an gComhairle Ealaíon airgead a bhronnadh mura bhfuiltear tar éis suim áirithe a iarraidh. Ní féidir leat níos mó airgid ná mar a theastaíonn uait a iarraidh .i. suim níos mó ná an caiteachas atá aitheanta agat don togra.

Cabhair maidir le hábhar tacaíochta

I dteannta d'fhoirme iarratais comhlánaithe, caithfidh tú ábhar tacaíochta a chur isteach fosta. Is cuid ríthábhachtach de d'iarratas é seo. Cuideoidh ábhar tacaíochta atá ábhartha agus dea-chumtha le measúnóirí do thogra a thuiscint. Ní mór an t-ábhar tacaíochta ar fad a chur isteach trí shuíomh Gréasáin na seirbhísí ar líne.

Caithfidh an t-ábhar tacaíochta ar fad a bheith lipéadaithe nó aitheanta go soiléir. Ní mór a shoiléiriú go beacht freisin cé dó a sheasann an píosa ar leith ábhair tacaíochta.

Féach **Cuid 1** de na treoirlínte scéime seo faoin gceannteideal **Ábhar Tacaíochta Riachtanach**
le haghaidh an liosta den ábhar tacaíochta **nach mór** duit a chur isteach leis an iarratas seo. Chomh maith leis an ábhar tacaíochta riachtanach a aithnítear sna Treoirlínte Scéime, d'fhéadfadh míreanna eile a bheith i gceist ar mian leat iad a chur isteach chun tacú le d'iarratas. Tharlódh go gcuimseodh a leithéid d'ábhar na nithe seo a leanas, ach nach mbeadh sé teoranta dóibh:
• doiciméadú faoi chleachtas an ealaíontóra (na n-ealaíontóirí) agus/nó na heagraíochta (na n-eagraíochtaí) atá bainteach (féach thíos le haghaidh tuilleadh eolais ar fhormáidí atá leagtha síos agus lipéadú maidir lena leithéid de dhoiciméadú);
• cuirí nó litreacha a thacaíonn le haon éilimh comhoibrithe, tairiscintí maoinithe, srl;
• fianaise maidir le beartais agus nósanna imeachta um chosaint leanaí do na heagraíochtaí siúd a sholáthraíonn cláir a bhaineann le páistí agus daoine óga;
• fianaise go bhfuiltear ag cloí le Creat um Leas Ainmnithe na Comhairle Ealaíon do na heagraíochtaí agus na daoine a bhfuil ainmhithe á n-úsáid ina gcuid gníomhaíochtaí;
• pleananna measúnaithe nó réamh-mheastacháin maidir le lucht féachana;
• tagairtí do thionscnaimh nó do thionscadail atá cosúil le do cheann féin a d'fhéadfadh comhthéacs a thabhairt do do thogra;
• ábhar eile.
Caithfidh tú CV reatha an phríomhdhuine nó na bpríomhdhaoine atá bainteach leis an togra a iniamh. Ní mór CV(anna) iomlán(a) a sholáthar seachas beathaisnéisí gairide. Ba chóir do gach CV saothar nó scileanna ábhartha a aithint.

Má tá tú ag cur isteach grianghraif amhairc déan cinnte le do thoil go mbeidh na híomhánna lipéadaithe i gceart agus go mbeidh faisnéis ábhartha iontu maidir leis an gcomhthéacs.

Má tá saothar íomhánna gluaiste á chur isteach agat, soláthair aon fhaisnéis chomhthéacsúil ábhartha le do thoil. Ar na rudaí a d'fhéadfaí a áireamh, tá sonraí an tsaothair, dáta, tráchtaireacht ghinearálta nó tráchtaireacht ar théama an tsaothair, an áit ar cuireadh i láthair é, ainm na dtaibheoirí, conas a maoiníodh an saothar (m.sh. scéim, féinmhaoiniú). Teastaíonn cúig nóiméad ar a laghad. Ba chóir eagarthóireacht a dhéanamh ar shleachta fada; é sin nó trí shliocht a roghnú (cúig nóiméad an ceann mar uasmhéid) chun iad a chur isteach.

D'fhéadfadh sé seo a leanas a bheith i measc an ábhair bunaithe ar théacs:
• Scripteanna - lena n-áirítear achoimre.
• Cóirithe - ocht leathanach ar a mhéid, ba chóir duit achoimre ghearr a sholáthar freisin. Ba chóir freisin radhairc eiseamláireacha a sholáthar, má bhaineann sé le hábhar.

Féadfar an t-ábhar thuas ar fad a chur isteach ar líne. **Níl cead** ábhar tacaíochta i bhfoirm cruachóipe
a chur isteach.

Má tá ábhar á chur isteach agat ar líne, ní féidir leis an gComhairle Ealaíon ach na formáidí leictreonacha seo a leanas a rochtain:
• comhaid íomhá - (JPEG)
• comhaid fuaime (WAV / mp3)
• comhaid físe (QuickTime / AVI / MOV)
• téacschomhaid (RTF / .doc)
• eile (PDF / .xls)

Botúin choitianta le seachaint

Botúin choitianta le seachaint agus foirmeacha iarratais á gcur isteach chuig an gComhairle Ealaíon:

• an spriocdháta a chailleadh toisc gur fhág tú ródhéanach é an fhoirm iarratais a sheoladh isteach;
• gan tabhairt le fios gur léigh tú agus gur thuig tú aidhm agus tosaíochtaí na dámhachtana ar a bhfuil tú ag déanamh iarratais;
• gan dóthain soiléireachta maidir le torthaí ealaíonta molta d'iarratais;
• gan an t-ábhar tacaíochta riachtanach go léir a chur isteach;
• gan buiséad mionsonraithe a chur isteach nuair is cuí;
• ábhar tacaíochta nach bhfuil lipéadaithe i gceart;
• gan léiriú ar an gcaoi a mbaineann na hábhair le d'iarratas;
• gan liosta de na saothair – cuireann seo mearbhall ar dhuine maidir le toisí, meáin agus
comhthéacs;
• gan aon sampla a thabhairt de do shaothar féin;
• an iomarca eolais neamhábhartha (m.sh. an iomarca léirmheasanna). Roghnaigh go cúramach na hábhair a sholáthraíonn tú. B'fhearr sampla ard-chaighdeáin amháin a sholáthar ná cuid mhór ábhar nach bhfuil chomh maith sin agus nach bhfuil ábhartha;
• gan dóthain faisnéise. Ní bheidh bunús ar bith ag na measúnóirí chun moladh a dhéanamh;
• samplaí de sheansaothar. Tá spéis ag measúnóirí i do shaothar úrnua nó reatha.